Acmhainn 13 (Gníomh 6)

Quiz ar Ghiniúint

Cuir tic le gach ráiteas: fíor; bréagach; nó níl a fhios agam.

	Fíor	Bréagach	Níl a fhios agam
Ní féidir le bean éirí torrach an chéad uair a bhíonn caidreamh collaí aici			
Má fholcann bean í féin i ndiaidh caidreamh collaí, cuirfidh sin cosc ar thoircheas			
Ní féidir le máithreacha atá ag cothú leis an chíoch éirí torrach			
Ní féidir le bean éirí torrach má bhíonn caidreamh collaí aici le linn míostraithe			
Má tharraingíonn fear a phéineas amach roimh sheadadh, ní féidir le toircheas tarlú			
Bíonn laethanta áirithe ann nuair nach féidir le bean éirí torrach			
Is féidir go mbeadh toircheas mar thoradh ar theagmháil leis na baill ghiniúna			
Cuirfidh an piollaire le baol stróc/taom croí má chaitheann an bhean, má tá sí róthrom nó má tá sí níos sine ná cúig bliana is tríocha			
Tá an piollaire 100% sábháilte			
Tá coiscíní 100% éifeachtach ó thaobh cosc a chur ar thoircheas			

Tuigim anois:

_____

_____

_____

_____

Acmhainn 13 (Gníomh 6)

Quiz ar Ghiniúint – Bileog freagraí

1. Bréagach

2. Bréagach

3. Bréagach – Creidtear gur modh measartha éifeachtach é le haghaidh pleanáil clainne, ar choinníoll go gcothaítear an leanbh ar bhainne cíche amháin agus nár atosaigh míostrú na mná. Tarlaíonn ubhsceitheadh idir babhtaí míostraithe, áfach, agus tá sé deacair a bheith cinnte, mar sin, cén uair a atosóidh míostrú. Éiríonn roinnt ban atá ag cothú leis an chíoch torrach.

4. Bréagach – Má bhíonn timthriall mná gairid agus an míostrú fada, is féidir léi éirí torrach le linn a míostraithe. Is modh neamhiontaofa frithghiniúna é seo.

5 Bréagach – Tá sé fíor fosta gur féidir le méid áirithe seamhain imeacht ón phéineas roimh sheadadh. Fiú má tá fear meáite ar tharraingt amach roimh sheadadh, níl sé sábháilte mar mhodh. Tá speirmeacha iontach soghluaiste. Is féidir leo a mbealach a dhéanamh chuig an ubh fiú má dheasctar in achar na faighne iad.

6. Fíor

7. Bréagach – Ní féidir le toircheas a bheith mar thoradh ar theagmháil leis na baill ghiniúna muna raibh seadadh ann. Má tharla seadadh, tá sé tábhachtach nach dtiocfaidh seamhan ar bith i dteagmháil le hachar faighne na mná.

8. Fíor – Sula dtosaíonn tú ar an phiollaire a ghlacadh, beidh scrúdú sláinte de dhíth ort le fáil amach an bhfuil sé sábháilte duit de réir míochaine.

9. Bréagach – cé gur modh éifeachtach an piollaire le haghaidh pleanáil clainne, níl sé 100% éifeachtach. Is féidir le tinneas, buinneach agus drugaí áirithe cur isteach ar a éifeachtacht.

10. Bréagach – Níl an coiscín 100% sábháilte ar chor ar bith. Braitheann a ráta teipeanna ar scil an úsáideora. Caithfidh fios a bheith ag duine ar an dóigh cheart lena chur air le bheith cinnte nach scaoilfidh sé, nó nach stróicfidh sé, le linn caidreamh collaí. Tá coiscíní úsáideach le cosc a chur ar roinnt STIs. Caillteann an chosaint seo, áfach, mar aon leis an chosaint ar thoircheas, má scoilteann an coiscín. Tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag daltaí go bhfuil ionfhabhtuithe ann, amhail an víreas *human papilloma* (hpv), ar féidir iad a thógáil fiú má bhaintear an úsáid cheart as coiscíní.

Acmhainn 14 (Gníomh 6)

An dTagann Sé Le Chéile?

Féach tríd an liosta de mhodhanna FRITHGHINÚNA (pleanáil clainne) agus cuir le chéile iad leis an chur síos cheart A-E.

An Piollaire Coiscíní

Piollaire na maidine dár gcionn

Modh ubhsceite (pleanáil nádúrtha clainne)

Staonadh

A. Dáileann dochtúir an modh seo frithghiniúna (pleanáil clainne) i bhfoirm táibléid agus úsáideann an bhean é má shíleann sí go bhfuil sí torrach mar thoradh ar chaidreamh collaí. Caithfear é a úsáid faoi mhaoirseacht chúramach míochaine. Le go n-éireodh leis, caithfear é a úsáid taobh isitigh de 72 uair an chloig i ndiaidh caidreamh collaí.

Tugtar _____ ar an mhodh seo.

B. Éilíonn an modh frithghiniúna seo (pleanáil clainne) go n-éireoidh lánúin eolach ar thimthriall míosta na mná sa dóigh go mbeidh a fhios acu cén uair atá ubhsceitheadh ag tarlú. Tarlaíonn ubhsceitheadh nuair a scaoiltear ubh ón tsíollann. Is mó seans go n-éireoidh bean torrach má dhéantar caidreamh collaí go díreach roimh, le linn nó go díreach i ndiaidh ubhsceite.

Tugtar _____ ar an mhodh seo.

C. Cuirtear na hormóin éastraigin agus próigeisteárón isteach i gcorp na mná i bhfoirm táibléid. Oibríonn na hormóin trí chosc a chur ar ubhsceitheadh. Tá sé riachtanach go mbíonn scrúdú sláinte ag mná roimh ré, agus go mbíonn scrúduithe rialta sláinte le linn dóibh an modh seo a ghlacadh. Ní thugann sé cosaint ar bith ar STIs/VEID.

Tugtar _____ ar an mhodh seo.

D. Déanta as rubar atá tanaí ach iontach láidir, cuirtear ar an éirí nó san fhaighin iad roimh chaidreamh collaí. Ceapann siad na speirmeacha i ngaiste agus coisceann orthu dul isteach san útaras. Tá cuid acu bealaithe le speirmicíd, rud a chuireann lena n-éifeachtacht. Braitheann iontaofacht ar úsáid cheart chúramach. Is féidir leo cosaint a thabhairt ar roinnt STIs.

Tugtar _____ ar an mhodh seo.

E. Cinneadh gan caidreamh collaí a dhéanamh.

Tugtar _____ ar an mhodh seo.

Acmhainn 15 (Gníomh 6)

Seán Agus Louise (1 de 2)

Téann Seán agus Louise ar an scoil chéanna. Tá Seán 17 mbliana, é i mbliain na scrúduithe A leibhéal agus tá ag éirí go fíormhaith leis. Tá súil aige dul ar aghaidh go dtí an coláiste le staidéar a dhéanamh ar an innealtóireacht. Tá Louise 16 bliana, í i mBliain 12. Tá súil aici a bheith ina dochtúir nuair a fhágfaidh sí an scoil. Tá Seán agus Louise ag siúl amach lena chéile le breis agus sé mhí. Faigheann Louise amach go bhfuil sí torrach i ndiaidh dí dhá mhíostrú a chailleadh. Insíonn sí do Sheán. Tá an bheirt acu an-bhuartha. Bhí de rún acu fanacht le chéile go deo agus b'fhéidir páistí a bheith acu, ach lá is faide anonn nuair a bheadh a slí bheatha socraithe. Anois tá gach rud athraithe.

Pointí le plé:

Cad iad na fadhbanna atá ag Seán agus Louise?

Cad iad na barúlacha sa suíomh seo?

Cad é an imní is mó atá ag Louise, dar leat?

Cad é an imní is mó atá ag Seán, dar leat?

Acmhainn 15 (Gníomh 6)

Seán Agus Louise (2 de 2)

Cad é nó cé hé a rachaidh i gcion ar chinneadh Louise (m.sh. a luachanna agus a creidimh, a tuismitheoirí, a dearthár/deirfiúr, a cairde, an chléir, srl)?

Scríobh deireadh ar an suíomh seo.